Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9431/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0118 (NLE)**

**CYBER 231**
**TELECOM 243**
**COEST 379**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 239 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena n-údaraítear tacaíocht ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais don Úcráin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 239 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 239 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.5.2026
COM(2026) 239 final

2026/0118 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena n-údaraítear tacaíocht ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais don Úcráin

2026/0118 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-údaraítear tacaíocht ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais don Úcráin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2025/38 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2024 lena leagtar síos bearta chun dlúthpháirtíocht agus acmhainneachtaí a neartú san Aontas chun cibearbhagairtí agus cibirtheagmhais a bhrath agus chun ullmhú dóibh agus freagairt orthu agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/694 (An Gníomh um Chibear-Dhlúthpháirtíocht)[1], agus go háirithe Airteagal 19(4) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Meitheamh 2022, dheonaigh an Chomhairle Eorpach stádas tír is iarrthóir don Úcráin. Bhí an cinneadh bunaithe ar chomhlíonadh na gcoinníollacha ag an Úcráin, ar coinníollacha iad a shonraítear sa tuairim ón gCoimisiún i mí an Mheithimh 2022 maidir le hiarratas na hÚcráine ar bhallraíocht. An 14 Nollaig 2023, chinn an Chomhairle Eorpach tús a chur leis an gcaibidlíocht aontachais leis an Úcráin, tar éis an mholta a d'eisigh an Coimisiún.

(2) An 19 Nollaig 2024, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach a tacaíocht bhuanseasmhach do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine, agus béim á leagan aici ar thacaíocht pholaitiúil, airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta a sholáthar a fhad is gá. Leis na gníomhaíochtaí sin leagtar béim ar thiomantas an Aontais slándáil na hEorpa a choinneáil ar bun, rud a léiríonn go bhfuil tacaíocht don Úcráin ina dlúthchuid de chuspóirí slándála an Aontais.

(3) Tá tionchar eacnamaíoch agus sochaíoch ag teagmhais chibearshlándála ar fud an Aontais agus ar an leibhéal domhanda i gcónaí. Tá cibearbhagairtí ag forbairt go han-tapa i dtíortha áirithe is iarrthóirí an Aontais ina bhféadfadh teagmhais chibearshlándála shuntasacha nó mhórscála a d'fhéadfadh a bheith ann cur as do bhonneagar criticiúil agus dochar a dhéanamh dó, cur isteach ar fheidhmiú ceart an gheilleagair agus na n-institiúidí nó rioscaí tromchúiseacha a chruthú do shlándáil agus sábháilteacht phoiblí na n-eintiteas agus na saoránach. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh ionsaithe cibearshlándála a bheith ina gcúis le teannas geopholaitiúil breise agus a bheith ina mbagairt ar bhonneagar criticiúil, ar phróisis dhaonlathacha agus ar bhonneagar toghcháin.

[1] IO L, 2025/38, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/38/oj

(4) Bhí tionchar díobhálach suaiteach ag cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine ar chórais gréasán agus faisnéise seirbhísí fíor-riachtanacha na hÚcráine, amhail iarnród na hÚcráine nó Clárlanna Stáit. Tá cibirionsaithe leanúnacha á ndéanamh ag an Rúis ar bhonneagar criticiúil na hÚcráine mar chuid den fhogha míleata, lena n-áirítear ionsaithe ar líonra satailíte KA-SAT, atá faoi úinéireacht Viasat, an lá roimh an ionradh iomlán i mí Feabhra 2022.

(5) Agus cineál dothuartha ionsaithe cibearshlándála á chur san áireamh, agus ós rud é gur minic nach gcoinnítear i limistéar geografach sonrach iad agus go bhfuil riosca ard iarmharta ag baint leo, rannchuidítear leis an Aontas, ina iomláine, a chosaint, agus go háirithe an margadh inmheánach agus an tionsclaíocht, le neartú athléimneacht na dtíortha comharsanachta agus a n-acmhainneachta freagairt go héifeachtach do theagmhais shuntasacha chibearshlándála agus teagmhais chibearshlándála ar mhórscála. Dá bhrí sin, le Rialachán (AE) 2025/38, foráiltear gur féidir tacú le tríú tíortha ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais ('an Cúltaca'), ina gcríocha uile nó i gcuid dá gcríocha, ar tríú tíortha iad atá ina bpáirtithe i gcomhaontú comhlachais leis an Aontas lena gceadaítear a rannpháirtíocht sa Chlár don Eoraip Dhigiteach ('CED') ('tríú tíortha atá comhlachaithe le CED'), i gcás ina ndéantar foráil maidir leis sin sa chomhaontú lena ndéantar an tríú tír a chomhlachú le CED.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) 2025/38, níl tríú tír incháilithe do thacaíocht ón gCúltaca ach amháin i gcás ina ndéantar foráil shonrach maidir leis sin sa chomhaontú lena ndéantar an tír sin a chomhlachú le CED. Ina theannta sin, níor cheart do na tríú tíortha sin a bheith incháilithe ach amháin fad a chomhlíontar na trí chritéar a leagtar amach in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2025/38. Ar an gcéad dul síos, tá téarmaí ábhartha an chomhaontaithe sin le comhlíonadh ag an tríú tír go hiomlán. Ar an dara dul síos, i bhfianaise chineál comhlántach an Chúltaca, tá bearta leormhaithe le bheith déanta ag an tríú tír chun ullmhú le haghaidh teagmhais shuntasacha chibearshlándála nó teagmhais chibearshlándála choibhéiseacha ar mhórscála. Ar an tríú dul síos, tá soláthar na tacaíochta ón gCúltaca le bheith comhsheasmhach le beartas an Aontais i leith na tíre sin, agus leis an gcaidreamh foriomlán léi, agus le beartais eile an Aontais i réimse na slándála.

(7) Tá an Úcráin ina páirtí i gcomhaontú comhlachais leis an Aontas Eorpach maidir leis an rannpháirtíocht sa Chlár don Eoraip Dhigiteach (2021-2027), a síníodh an 5 Meán Fómhair 2022. I gcomhréir le hAirteagal 1 den Chomhaontú Comhlachais a ghabhann le CED, ceadaítear don Úcráin páirt a ghlacadh in CED, lena n-áirítear tacaíocht a fháil ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais. Tá forálacha sa chomhaontú lena gceanglaítear ar an Úcráin na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 19(2) agus (9) de Rialachán (AE) 2025/38 a chomhlíonadh.

(8) Féadfaidh soláthar na tacaíochta do thríú tíortha atá comhlachaithe le CED difear a dhéanamh don chaidreamh le tríú tíortha agus do bheartas slándála an Aontais, lena n-áirítear i gcomhthéacs an chomhbheartais eachtraigh agus slándála agus an chomhbheartais slándála agus cosanta. Gníomhaíonn an Chomhairle ar bhonn togra ón gCoimisiún, agus aird chuí á tabhairt ar mheasúnú an Choimisiúin ar na trí chritéar dá dtagraítear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2025/38.

(9) Tá raon sásraí, ionstraimí cistiúcháin agus saoráidí curtha ar bun ag an Aontas chun tacú le slándáil, cosaint agus athléimneacht na hÚcráine, lena n-áirítear an tSaoráid Eorpach Síochána, lena maoinítear tacaíocht mhíleata, agus an Ciste Cúnaimh don Úcráin, a seoladh in 2024. Sheol sé freisin Misean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh san Úcráin in 2022 chun oiliúint a chur ar Fhórsaí Armtha na hÚcráine agus

chun Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin a neartú, ar Misean é atá ag feidhmiú ó bhí 2014 ann. I dteannta a chéile, is freagairt chomhordaithe láidir iad na tionscnaimh sin uile chun slándáil, cosaint agus athléimneacht na hÚcráine a neartú. I mí an Mheithimh 2024, ghlac an tAontas agus an Úcráin Gealltanais Chomhpháirteacha Slándála, lenar dhearbhaigh an dá pháirtí *inter alia* an comhar maidir le hathléimneacht a neartú agus béim á leagan ar bhagairtí hibrideacha agus cibearbhagairtí a chomhrac, ar ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, agus ar bhonneagar criticiúil a chosaint. An tIdirphlé maidir le Cibearspás idir an tAontas agus an Úcráin a bunaíodh in 2022, leanann sé de bheith ina ardán lárnach chun aghaidh a thabhairt ar an gcomhar polaitiúil agus teicniúil maidir le cibircheisteanna.

(10) Maidir leis an Úcráin, rinne an Coimisiún measúnú ar na trí chritéar a leagtar amach in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2025/38 agus meastar gur comhlíonadh iad. Chuaigh sé i gcomhairle freisin le hArdionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus an measúnú sin á dhéanamh.

(11) I gcomhréir le hAirteagal 19(6) de Rialachán (AE) 2025/38, is é measúnú na Comhairle go bhfuil téarmaí ábhartha an chomhaontaithe lena ndéantar an tír sin a chomhlachú le CED á gcomhlíonadh ag an Úcráin agus go bhfuil bearta leormhaithe déanta aici chun ullmhú le haghaidh teagmhais shuntasacha chibearshlándála agus teagmhais chibearshlándála choibhéiseacha ar mhórscála. Thairis sin, is é measúnú na Comhairle go bhfuil soláthar na tacaíochta ón gCúltaca comhsheasmhach le beartas an Aontais i leith na hÚcráine agus lena chaidreamh foriomlán leis an Úcráin, agus go bhfuil soláthar na tacaíochta sin comhsheasmhach le beartais eile an Aontais i réimse na slándála, go háirithe na tosca a leagtar amach in aithris 8.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart tacaíocht don Úcráin ón gCúltaca a údarú.

(13) Chun a áirithiú go bhféadfar cúnamh láithreach a thabhairt de réir na gcritéar a leagtar amach sa bhunghníomh, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne. Chun go mbeidh tacaíocht leordhóthanach thráthúil ann, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh ar feadh 1 bhliain amháin.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear soláthar na tacaíochta ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais don Úcráin de réir bhrí Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2025/38.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige go dtí an [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta teacht i bhfeidhm + 1 bhliain amháin].

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*